Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6574/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0054 (NLE)**

**ENV 150**
**PECHE 60**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 88 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (CSI) a mhéid a bhaineann le moltaí ó pháirtithe éagsúla na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 88 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 88 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.2.2026
COM(2026) 88 final

2026/0054 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (CSI) a mhéid a bhaineann le moltaí ó pháirtithe éagsúla na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú.

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine ('an Coinbhinsiún') i ndáil le glacadh na gcinntí atá beartaithe a bhaineann leis an leasú ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (CSI)

Is é is aidhm don Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine speicis imirceacha talún, speicis imirceacha mhara agus speicis imirceacha éan a chaomhnú i ngach cuid dá raon. Is conradh idir-rialtasach é a tugadh i gcrích faoi choimirce Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, agus is le caomhnú fiadhúlra agus gnáthóga ar scála domhanda a bhaineann sé. I bhFoscríbhinn I (speicis atá i mbaol) agus Foscríbhinn II (speicis atá le bheith mar ábhair comhaontuithe) a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, liostaítear na speicis atá le caomhnú. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Samhain 1983.

Is páirtí é an tAontas Eorpach sa Choinbhinsiún[1]. Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún.

### 2.2. Comhdháil na bPáirtithe

Is í Comhdháil na bPáirtithe príomhchomhlacht cinnteoireachta an Choinbhinsiúin. Liostaítear a cuid feidhmeanna in Airteagal VII den Choinbhinsiún, lena n-áirítear cumhachtaí chun stádas caomhantais speiceas imirceach a mheas agus, dá réir sin, chun Foscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú. Le cinneadh a dhéanamh ag cruinniú de chuid Chomhdháil na bPáirtithe is gá tromlach dhá thrian de na Páirtithe atá i láthair agus ag vótáil, ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sa Choinbhinsiún.

Tionólfar an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in Campogrande na Brasaíle ón 23 go dtí an 29 Márta 2026.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ó Chomhdháil na bPáirtithe

Le linn an 15ú cruinniú, tá Comhdháil na bPáirtithe le cinntí a ghlacadh maidir le leasuithe ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ('na gníomhartha atá beartaithe').

Is é is cuspóir do na ngníomhartha atá beartaithe Foscríbhinn I agus Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú, rud dá bhforáiltear in Airteagal XI den Choinbhinsiún.

I gcomhréir le hAirteagal III den Choinbhinsiún, liostófar i bhFoscríbhinn I den Choinbhinsiún na speicis imirceacha atá i mbaol ar speicis iad a bhféachfaidh Páirtithe atá ina Stáit Raoin de chuid na speiceas sin le bearta caomhnaithe éagsúla a ghlacadh ina leith agus ar speicis iad a gcuirfidh na Páirtithe sin toirmeasc ar ghabháil ainmhithe de na speicis sin ina gcás.

[1] Cinneadh 82/461/CEE ón gComhairle an 24 Meitheamh 1982 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le caomhnú na speiceas imirceach ainmhithe fiáine (IO L 210, 19.7.1982, lch. 10).

Sonraítear in Airteagal IV den Choinbhinsiún go liostófar i bhFoscríbhinn II speicis imirceacha a bhfuil stádas caomhantais neamhfhabhrach acu agus a dteastaíonn comhaontuithe idirnáisiúnta ina leith chun iad a chaomhnú agus a bhainistiú, chomh maith leis na speicis imirceacha sin a bhfuil stádas caomhantais acu a rachadh an comhar idirnáisiúnta a d'fhéadfaí a bhaint amach le comhaontú idirnáisiúnta go mór chun tairbhe dóibh.

I gcásanna inar gá, féadfaidh speiceas imirceach a liostú i bhFoscríbhinn I agus Foscríbhinn II araon.

I gcomhréir le hAirteagal XI den Choinbhinsiún, féadfaidh aon Pháirtí tograí le haghaidh leasuithe a dhéanamh. Tiocfaidh leasú ar na Foscríbhinní i bhfeidhm i gcás gach Páirtí nócha lá tar éis an chruinnithe de chuid Chomhdháil na bPáirtithe ag a nglacfar an leasú, ach amháin i gcás na Páirtithe sin a bhfuil forchoimeádas déanta acu.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Maidir leis an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, níl molta ag an Aontas na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú.

Tá tograí curtha isteach ag Páirtithe eile sa Choinbhinsiún chun Foscríbhinn I a leasú chun na speicis agus na fospeicis seo a leanas a áireamh inti: *Acinonyx jubatus* (pobail na Siombáibe, na Botsuáine agus na Namaibe)*, Hyaena hyaena, Pteronura brasiliensis, Pterodroma baraui, Pterodroma cervicalis occulta, Pterodroma hasitata, Pterodroma madeira, Pterodroma magentae, Pterodroma incerta, Pseudobulweria macgillivrayi, Pseudobulweria aterrima, Pseudobulweria becki, Numenius phaeopus hudsonicus, Limosa haemastica, Tringa flavipes, Alopias pelagicus, Alopias superciliosus, Alopias vulpinus, Sphyrna lewini, Sphyrna mokarran.*

Tá togra curtha isteach ag Páirtí amháin sa Choinbhinsiún, an Úisbéiceastáin, chun Foscríbhinn I a leasú d'fhonn na speicis seo a leanas a bhaint ón bhFoscríbhinn sin (agus iad a choimeád i bhFoscríbhinn II): *Cervus elaphus yarkandensis.*

Tá tograí curtha isteach ag Páirtithe eile sa Choinbhinsiún chun Foscríbhinn II a leasú chun na speicis seo a leanas a áireamh inti: *Acinonyx jubatus* (pobail na Siombáibe, na Botsuáine agus na Namaibe)*, Hyaena hyaena, Pteronura brasiliensis, Pterodroma leucoptera* (pobail na hAstráile agus na Nua-Chaladóine), *Pterodroma brevipes, Pterodroma defilippiana, Pterodroma longirostris, Pterodroma cookii cookii, Pterodroma cookii orientalis, Pterodroma pycrofti, Pterodroma axillaris, Pterodroma neglecta juana, Pterodroma arminjoniana, Pterodroma alba, Pterodroma cervicalis cervicalis, Pterodroma externa, Pterodroma feae, Pterodroma deserta, Ardenna carneipes, Pseudobulweria rostrata, Bubo scandiacus, Sporophila iberaensis, Mustelus schmitti, Squatina guggenheim, Pseudoplatystoma corruscans.*

Dá bhrí sin, is gá don Chomhairle cinneadh a dhéanamh chun an seasamh a bhunú a ghlacfar thar ceann an Aontais ag féachaint don 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe maidir le gach togra ar leasuithe.

Ba ceart don Aontas tacú leis na tograí thuasluaite uile, seachas eisceacht amháin i gcás an speicis *Cervus elaphus yarkandensis*, toisc go bhfuil siad bunaithe ar an eolaíocht agus i gcomhréir le tiomantas an Aontais don chomhar idirnáisiúnta ar son chosaint na bithéagsúlachta, lena n-áirítear breithniú ar conas an leas is fearr a bhaint as an bhfaisnéis eolaíoch a bhaineann le gnéithe bitheolaíocha agus pointí tagartha bitheolaíocha iascaigh araon.

Ní theastódh aon athrú ar dhlí an Aontais chun na speicis sin a chur le Foscríbhinn I nó le Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, ná chun an speiceas *Cervus elaphus yarkandensis* a bhaint uathu, mar a mholtar.

Ní Stát raoin an tAontas le haghaidh na mamach *Acinonyx jubatus* agus *Hyaena hyaena*. Ba cheart tacú leis na speicis sin a chur le Foscríbhinn I agus le Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

Níl an mamach *Pteronura brasiliensis* le fáil san Aontas ach i nGuáin na Fraince, áit nach bhfuil feidhm ag reachtaíocht an Aontais maidir leis an dúlra. Ba cheart tacú leis an speiceas sin a chur le Foscríbhinn I agus le Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

Ag tagairt don mhamach *Cervus elaphus yarkandensis*, rinne Comhairle Eolaíochta an Choinbhinsiúin trácht le linn a hochtú seisiúin, a bhí ar siúl i mí na Nollag 2025, ar an doiléire maidir le raon feidhme tacsanomaíoch an togra agus ar an ngá le tuilleadh sonraí ar líonta daonra. Dá réir sin, níl dóthain faisnéise ann faoi láthair chun seasamh a bhunú maidir leis an speiceas sin. Dá bhrí sin, beidh seasamh deiridh an Aontais maidir le baint an speicis sin ó Fhoscríbhinn I ag brath ar fhaisnéis nua eolaíoch nó theicniúil a chur isteach agus a chur san áireamh le linn Chomhdháil na bPáirtithe nó roimpi sin, agus bunófar é i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal III(3) den Choinbhinsiún.

Níl na héin seo a leanas le fáil laistigh de chríocha na hEorpa ar a bhfuil feidhm ag Treoir 2009/147/CE: *Pterodroma cervicalis occulta*, *Pterodroma hasitata*, *Pterodroma magentae*, *Pterodroma incerta*, *Pseudobulweria macgillivrayi*, *Pseudobulweria becki*, *Pterodroma leucoptera* (pobail na hAstráile agus na Nua-Chaladóine), *Pterodroma brevipes*, *Pterodroma defilippiana*, *Pterodroma longirostris*, *Pterodroma cookii cookii*, *Pterodroma cookii orientalis*, *Pterodroma pycrofti*, *Pterodroma axillaris*, *Pterodroma neglecta juana*, *Pterodroma arminjoniana*, *Pterodroma alba*, *Pterodroma cervicalis cervicalis*, *Pterodroma externa*, *Ardenna carneipes*, *Pseudobulweria rostrata*, *Numenius phaeopus hudsonicus*, *Limosa haemastica*, *Tringa flavipes* agus *Sporophila iberaensis* . Mar sin, ní theastódh aon athrú ar dhlí an Aontais chun na speicis sin a chur le Foscríbhinn I ná le Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, agus ba cheart tacú leis sin.

Cumhdaítear na héin *Pterodroma madeira*, *Pterodroma feae*, *Pterodroma deserta* agus *Bubo scandiacus* cheana féin sa Treoir AE maidir le hÉin[2]. Ba cheart tacú leis na speicis sin a chur le Foscríbhinn I nó le Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

Tá na héisc *Alopias pelagicus, Alopias superciliosus* agus *Alopias vulpinus* faoi dhianchosaint de bhun Rialachán maidir le Deiseanna Iascaireachta 2025[3]. Tá siad faoi chosaint freisin de bhun an Rialacháin maidir le Bearta Teicniúla[4]. Tugtar an leibhéal cosanta is gá freisin do na héisc *Sphyrna lewini* agus *Sphyrna mokarran* leis an Rialachán maidir le Bearta Teicniúla. Ba

---

2 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú IO L 20, 26.1.2010, lgh. 7–25

3 Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2025 IO L, 2025/202, 31.1.2025

4 Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105

cheart tacú leis na speicis sin a chur le Foscríbhinn I nó le Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

Ní Stát raoin an tAontas do na speicis iasc *Mustelus schmitti*, *Squatina guggenheim* agus *Pseudoplatystoma corruscans*. Ba cheart tacú leis na speicis sin a chur le Foscríbhinn I nó le Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[5].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht í Comhdháil na bPáirtithe a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin an Coinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine.

Na gníomhartha a iarrtar ar Chomhdháil na bPáirtithe a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Na gníomhartha atá beartaithe, beidh siad ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal XI den Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Choinbhinsiúin a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

[5] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar na ngníomhartha atá beartaithe le cosaint an chomhshaoil.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 192(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar Foscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine leis na gníomhartha ó Chomhdháil na bPáirtithe, is iomchuí iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a nglactha.

2026/0054 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (CSI) a mhéid a bhaineann le moltaí ó pháirtithe éagsúla na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú.**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (an 'Coinbhinsiún') i gcrích le Cinneadh 82/461/CEE ón gComhairle[6] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Samhain 1983.

(2) De bhun Airteagal XI den Choinbhinsiún, féadfaidh Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún ('Comhdháil na bPáirtithe') cinntí a ghlacadh chun na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú.

(3) Comhdháil na bPáirtithe, le linn an 15ú cruinniú a bheidh aici i mí an Mhárta 2026, ní mór di cinntí a ghlacadh chun na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú maidir leis an méid seo a leanas; (i) na speicis seo a leanas a chur le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún; *Acinonyx jubatus* (pobail na Siombáibe, na Botsuáine agus na Namaibe)*, Hyaena hyaena, Pteronura brasiliensis, Pterodroma baraui, Pterodroma cervicalis occulta, Pterodroma hasitata, Pterodroma madeira, Pterodroma magentae, Pterodroma incerta, Pseudobulweria macgillivrayi, Pseudobulweria aterrima, Pseudobulweria becki, Numenius phaeopus hudsonicus, Limosa haemastica, Tringa flavipes, Alopias pelagicus, Alopias superciliosus, Alopias vulpinus, Sphyrna lewini, Sphyrna mokarran;* (ii) *Cervus elaphus yarkandensis* a bhaint ó Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún (agus é a choimeád i bhFoscríbhinn II); agus (iii) na speicis seo a leanas a chur le Foscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún; *Acinonyx jubatus* (pobail na Siombáibe, na Botsuáine agus na Namaibe)*, Hyaena hyaena, Pteronura brasiliensis, Pterodroma leucoptera* (pobail na hAstráile agus na Nua-Chaladóine), *Pterodroma brevipes, Pterodroma defilippiana, Pterodroma longirostris, Pterodroma cookii cookii, Pterodroma cookii orientalis, Pterodroma pycrofti, Pterodroma axillaris, Pterodroma neglecta juana, Pterodroma arminjoniana, Pterodroma alba, Pterodroma cervicalis cervicalis, Pterodroma externa, Pterodroma feae, Pterodroma deserta, Ardenna carneipes, Pseudobulweria*

[6] Cinneadh 82/461/CEE ón gComhairle an 24 Meitheamh 1982 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le caomhnú na speiceas imirceach ainmhithe fiáine (IO L 210, 19.7.1982, lch. 10).

*rostrata, Bubo scandiacus, Sporophila iberaensis, Mustelus schmitti, Squatina guggenheim, Pseudoplatystoma corruscans.*

(4) Beidh éifeacht dhlíthiúil don Aontas ag na gníomhartha atá beartaithe ag Comhdháil na bPáirtithe de bhun dlí idirnáisiúnta.

(5) Ba cheart don Aontas tacú leis na tograí thuasluaite uile, seachas eisceacht amháin i gcás an speicis *Cervus elaphus yarkandensis*, toisc go bhfuil siad bunaithe ar an eolaíocht, i gcomhréir le tiomantas an Aontais don chomhar idirnáisiúnta ar son chosaint na bithéagsúlachta i gcomhréir le hAirteagal 5 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, agus i gcomhréir le cinntí a glacadh ag Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún sin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é seo a leanas an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe:

(1) tacú leis na speicis nó na fospeicis seo a leanas a chur le Foscríbhinn I:

- (1) Pobail *Acinonyx jubatus* na Siombáibe, na Botsuáine agus na Namaibe
- (2) *Hyaena hyaena*
- (3) *Pteronura brasiliensis*
- (4) *Pterodroma baraui*
- (5) *Pterodroma cervicalis occulta*
- (6) *Pterodroma hasitata*
- (7) *Pterodroma madeira*
- (8) *Pterodroma magentae*
- (9) *Pterodroma incerta*
- (10) *Pseudobulweria macgillivrayi*
- (11) *Pseudobulweria aterrima*
- (12) *Pseudobulweria becki*
- (13) *Numenius phaeopus hudsonicus*
- (14) *Limosa haemastica*
- (15) *Tringa flavipes*
- (16) *Alopias pelagicus*
- (17) *Alopias superciliosus*
- (18) *Alopias vulpinus*
- (19) *Sphyrna lewini*
- (20) *Sphyrna mokarran*

(2) go mbeidh an seasamh deiridh maidir le baint na speiceas seo a leanas ó Fhoscríbhinn I ag brath ar rochtain a bheith ann ar bhreis eolais agus / nó leasuithe ar

an tionscnamh lena gcinnfí an gcomhlíontar na critéir a leagtar síos in Airteagal III(3) den Choinbhinsiún:

(1) *Cervus elaphus yarkandensis*

(3) tacú leis na speicis seo a leanas a chur le Foscríbhinn II:

(1) Pobail *Acinonyx jubatus* na Siombáibe, na Botsuáine agus na Namaibe

(2) *Hyaena hyaena*

(3) *Pteronura brasiliensis*

(4) Pobail *Pterodroma leucoptera* na hAstráile agus na Nua-Chaladóine

(5) *Pterodroma brevipes*

(6) *Pterodroma defilippiana*

(7) *Pterodroma longirostris*

(8) *Pterodroma cookii cookii*

(9) *Pterodroma cookii orientalis*

(10) *Pterodroma pycrofti*

(11) *Pterodroma axillaris*

(12) *Pterodroma neglecta juana*

(13) *Pterodroma arminjoniana*

(14) *Pterodroma alba*

(15) *Pterodroma cervicalis cervicalis*

(16) *Pterodroma externa*

(17) *Pterodroma feae*

(18) *Pterodroma deserta*

(19) *Ardenna carneipes*

(20) *Pseudobulweria rostrata*

(21) *Bubo scandiacus*

(22) *Sporophila iberaensis*

(23) *Mustelus schmitti*

(24) *Squatina guggenheim*

(25) *Pseudoplatystoma corruscans*

*Airteagal 2*

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar na seasaimh a leagtar amach in Airteagal 1 gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*